RÚN (AE) 2022/1798 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 4 Bealtaine 2022

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) don bhliain airgeadais 2020

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do Riail 100 agus Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0102/2022),

A. de bhrí, de réir a ráitis maidir le hioncam agus caiteachas ([1]), gurbh ionann buiséad críochnaitheach na Gníomhaireachta an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) (An Ghníomhaireacht) don bhliain airgeadais 2020 agus EUR 41 700 000, a léiríonn méadú 7,05 % i gcomparáid le 2019; de bhrí gur ó bhuiséad an Aontais beagnach go heisiach a thagann buiséad na Gníomhaireachta;

B. de bhrí go luaitear i dtuarascáil na Cúirte Iniúchóirí (an "Chúirt") maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2020 ("tuarascáil na Cúirte") go bhfuil dearbhu réasúnach faighte aici go bhfuil cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta beacht go bhfuil na hidirbhearta is bun leo dlíthiúil agus rialta;

Buiséad agus bainistiú airgeadais

1. ag tabhairt dá haire le sásamh, de thoradh ar iarrachtaí faireacháin buiséid, go raibh ráta cur chun feidhme de 99,99 % ann i rith bhliain airgeadais 2020 a léiríonn méadú 0,11 % i gcomparáid le 2019; ag tabhairt dá haire go raibh ráta forghníomhaithe 58,07 % ann le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a léiríonn laghdú 5,54 % i gcomparáid le 2019;

Feidhmíocht

2. á chur i bhfáth go bhfuil ról riachtanach ag an nGníomhaireacht maidir le tacaíocht agus comhordú a dhéanamh ar obair na n-údarás breithiúnach náisiúnta maidir le coireacht eagraithe trasteorann thromchúiseach a imscrúdú agus a ionchúiseamh;

3. ag tabhairt chun suntais an méadú leanúnach ar líon iomlán na gcásanna ar thacaigh an Ghníomhaireacht leo le cúig bliana anuas agus cuireann sí i bhfáth an treocht atá ann le déanaí maidir le cásanna a tarchuireadh chuig an nGníomhaireacht atá ag éirí níos casta agus a dteastaíonn tacaíocht uathu thar thréimhsí ama níos faide;

4. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur sheol an Ghníomhaireacht Grúpa Fócais na nIonchúisitheoirí agus na mBreithiúna Imscrúdaitheacha a Chomhrac i gcoinne Smuigleáil Imirceach, lena dtugtar le chéile cleachtóirí a bhfuil saineolas acu sa réimse agus gach gníomhaí i slabhra na slándála agus an cheartais choiriúil chun an comhrac i gcoinne smuigléireacht imirceach a neartú tuilleadh;

5. á chur in iúl gur díol sásaimh di an comhar oibríochtúil breise le Frontex; á chur in iúl gur díol sásaimh di an chaibidlíocht maidir le comhaontú oibre lena rialaítear an gaol a bheidh ann amach anseo idir Frontex agus an Ghníomhaireacht;

6. á chur in iúl gur díol sásaimh di an comhar idir Eurojust agus eu-LISA i gcomhthéacs Rialachán (AE) 2019/816 ([2]);

([1]) IO C 179, 10.5.2021, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2019/816 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena mbunaítear córas láraithe leis na Ballstáit a shainaithint ag a bhfuil faisnéis faoi chiontuithe náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát (ECRIS-TCN) chun an Córas Faisnéise Eorpach um Thaifid Choiriúla a fhorlíonadh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (IO L 135, 22.5.2019, lch. 1).

7. ag tabhairt dá haire go mbaineann an Ghníomhaireacht úsáid as eochairtháscairí feidhmíochta (ETFanna) chun an luach breise a chuireann a cuid gníomhaíochtaí ar fáil a mheasúnú agus chun bainistiú a buiséid a fheabhsú, amhail líon na dtuarascálacha/na n-anailísí a thacaíonn go díreach le cásanna, líon na gcásanna a tharchuireann Ballstáit agus glacadh le socruithe oibre iomchuí le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) i ngnóthaí oibríochtúla; ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht 50 ETF a shainmhíniú ina plean oibre bliantúil do 2020, laghdú 44% i gcomparáid leis an bplean oibre bliantúil do 2019; ag tabhairt dá haire, seachas na ETFanna a raibh tionchar ag paindéim COVID-19 orthu, gur bhain an Ghníomhaireacht amach na spriocanna de 22 ETF as 30 (73 % bainte amach i gcomparáid le 71 % in 2019);

8. ag tabhairt dá haire go raibh ról tábhachtach ag tacaíocht na Gníomhaireachta do na Ballstáit, an Iorua agus an Fhionlainn, i gcomhar leis an gComhairle agus leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach, chun faisnéis a chur i dtoll a chéile agus a scaipeadh maidir le saincheisteanna praiticiúla agus dlí a tháinig chun cinn ó phaindéim COVID-19; ag tabhairt dá haire gur fhoilsigh an Ghníomhaireacht treoirlínte in Aibreán 2020 maidir le tacaíocht oibríochtúil le linn phaindéim COVID-19, ina raibh na bearta teagmhasacha gnó a cuireadh chun feidhme chun cúnamh oibríochtúil leanúnach a áirithiú do na deasca náisiúnta agus do na húdaráis náisiúnta;

9. ag tabhairt dá haire gur lean an Ghníomhaireacht le comhar oibríochtúil a neartú agus go raibh méadú ar líon na gcásanna arna dtarchur ag na hionchúisitheoirí idirchaidrimh, a raibh 291 cás nua mar thoradh air sin in 2020, a léiríonn méadú 17 % i gcomparáid le 2019; á chur in iúl gur díol sásaimh di gur threisigh an Ghníomhaireacht an comhar oibríochtúil lena páirtithe agus le tríú tíortha le ceapachán ionchúisitheoirí idirchaidrimh as an tSeirbia, an tSeoirsia agus an Albáin, agus trí mhéadú 4 % ar líon na gcomhchásanna; ag tabhairt dá haire agus é ina dhíol sásaimh di gur tháinig méadú ar ghréasán phointí teagmhála na Gníomhaireachta go 55 thír le rannpháirtíocht na hÚisbéiceastáine, Shrí Lanca, Mheicsiceo agus na Cosaive; á chur in iúl gur díol sásaimh di go bhfuil dlús curtha ag an nGníomhaireacht lena comhar maidir le hábhair choiriúla idir an tAontas agus a tíortha comhpháirtíochta Theas (an Ailgéir, an Éigipt, Iosrael, an Iordáin, an Liobáin, an Libia, Maracó, an Phalaistín agus an Túinéis) trí bheith mar óstach don chéim nua de Chlár EuroMed um Cheartas;

10. ag tabhairt dá haire gur iarr ionchúisitheoirí ó ar fud an Aontais agus níos faide cúnamh ar an nGníomhaireacht in 2020 maidir le 8 799 n-imscrúdú coiriúil trasteorann, méadú 13 % i gcomparáid le 2019, agus gurbh cásanna nua 4 200 cás a osclaíodh le linn 2020 agus gur bhain 164 díobh sin le paindéim COVID-19; á chur in iúl gur díol sásaimh di gur chuir Eurojust tacaíocht dhlíthiúil, airgeadais nó oibríochtúil ar fáil do 268 gcomhfhoireann imscrúdaithe in 2020 agus gur éascaigh sé forghníomhú 1 284 Bharántas Gabhála Eorpach;

11. ag cur béim ar an bhfíoras go raibh an Ghníomhaireacht rannpháirteach go gníomhach i gcruinnithe an Bhuanchoiste um an gComhar Oibríochtúil sa tSlándáil Inmheánach agus i ngníomhaíochtaí gaolmhara, agus go ndearna sí a táirgí insoláthartha a leathnú chuig réimsí tosaíochta coireachta. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur fheabhsaigh an Ghníomhaireacht a comhar straitéiseach le páirtithe sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais trí chomhoibriú láidir le gníomhaireachtaí um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (CGB), trí chathaoirleacht a dhéanamh ar ghréasán gníomhaireachtaí CGB agus trí leanúint de shineirgí le gréasáin bhreithiúnacha a fhiosrú;

12. á chur in iúl gur díol sásaimh di an dlúthchomhar le comhpháirtithe an Aontais agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear an Coimisiún agus OLAF agus gníomhaireachtaí eile CGB; ag tabhairt chun suntais go ndearnadh dul chun cinn sa chomhoibriú idir an Ghníomhaireacht agus EPPO agus á chur in iúl gur díol sásaimh di an chaibidlíocht ar an gcomhaontú oibre chun an caidreamh a bheidh acu amach anseo a rialú; á chur in iúl gur díol sásaimh di rannpháirtíocht na Gníomhaireachta in Ardán AE um Chearta Íospartach;

Beartas foirne

13. ag tabhairt dá haire, amhail an 31 Nollaig 2020, go raibh 99 % den phlean bunaíochta curtha chun feidhme agus go raibh 204 ghníomhaire sealadacha ceaptha as 207 ngníomhaire sealadacha arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais (i gcomparáid le 208 bpost údaraithe in 2019); ag tabhairt dá haire, chomh maith leis sin, go raibh 16,2 gníomhaire ar conradh (i gcomparáid le 16 phost údaraithe in 2020) agus 16,5 saineolaí náisiúnta ar iasacht ar choibhéis lánaimseartha as 21 ag obair don ghníomhaireacht in 2020;

14. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé go mbeadh acmhainní iomchuí daonna agus eacnamaíocha ar fáil don Ghníomhaireacht, go háirithe i bhfianaise an mhéadaithe ar a cuid gníomhaíochtaí;

15. á chur in iúl gur díol sásaimh di an chothromaíocht inscne a baineadh amach laistigh den Ghníomhaireacht do 2020 le cúigear fear agus cúigear ban san ardbhainistíocht agus sa mheánbhainistíocht, agus ag tabhairt dá haire agus é ina ábhair imní di go bhfuil easpa cothromaíochta inscne ann le 17 bhfear (65,4 %) agus naonúr ban (34,6 %) ar bhord feidhmiúcháin na Gníomhaireachta, agus gur 71 fhear (32 %) agus 152 bhean (68 %) atá san fhoireann ar an iomlán; á iarraidh ar an Lárionad cothromaíocht inscne a áirithiú ar leibhéal na bainistíochta amach anseo; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an tábhacht a bhaineann le cothromaíocht inscne a áirithiú a chur san áireamh nuair a bhítear ag ainmniú a gcomhaltaí do bhord feidhmiúchán na Gníomhaireachta;

16. á chur in iúl gur díol sásaimh di na bearta atá i bhfeidhm cheana ag an nGníomhaireacht agus na hiarrachtaí leanúnacha atá ar bun aici chun ciapadh a chosc; á chur in iúl gur díol sásaimh di gur thairg an Ghníomhaireacht oiliúint athnuachana don fhoireann ar fad in 2020 maidir le ciapadh síceolaíoch agus gnéasach agus gur cuireadh oiliúint bhreise maidir le bainistiú coinbhleachta agus réiteach ar fáil do na comhairleoirí rúnda agus do bhainisteoirí;

17. ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh an Ghníomhaireacht in 2019 ar dtús go raibh dhá chás leanúnacha a bhain le ciapadh líomhnaithe sa Ghníomhaireacht; ag tabhairt dá haire gur cheartaigh an Ghníomhaireacht an figiúr sin, ó tharla gur in 2018 a tionscnaíodh ceann den dhá chás sin, nuair a rinne comhalta den fhoireann iarraidh ar chúnamh a chomhdú agus chuir ciapadh i leith bainisteoir líne, a raibh fiosrú riaracháin mar thoradh air agus a bhfuarthas nach raibh aon bhunús leis an líomhain agus go raibh an fiosrúchán dúnta i Márta 2019; ag tabhairt dá haire gur cuireadh na comhaltaí foirne a bhí i gceist chuig eintitis eagraíochtúla éagsúla agus nár glacadh aon bheart eile ina dhiaidh sin, go ndearnadh cinneadh an fiosrúchán a dhúnadh gan é a bheith bréagnaithe, agus gur dúnadh an cás i Samhain 2020; ag tabhairt dá haire gur in 2019 a tionscnaíodh an dara cás a bhain le bainisteoir eile, gur dúnadh an cás i Samhain 2020 gan aon bheart eile a bheith de dhíth, agus go ndearna an gearánach achomharc a thaisceadh i bhFeabhra 2021 in aghaidh an chinnidh an cás a dhúnadh;

18. ag tabhairt dá haire gur earcaigh an Ghníomhaireacht 16 ghníomhaire shealadacha agus ar conradh in 2020 trí nósanna imeachta earcaíochta seachtracha: ag tabhairt dá haire go ndearnadh dhá cheapachán chun na héifeachtaí a bhí ag obair pháirtaimseartha, a bhí 3.9 FTE ar an meán i rith na bliana, a fhritháireamh, i gcomhréir le hAirteagal 38 (2) den Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún (AE) 2019/715 ([3]); á chur in iúl gur díol sásaimh di go bhféadfadh an Ghníomhaireacht an fhéidearthacht sin a úsáid chun freastal ar obair pháirtaimseartha dá foireann;

Soláthar

19. ag tabhairt dá haire, de réir thuarascáil na Cúirte, gur braitheadh roinnt laigí i nósanna imeachta soláthair phoiblí iniúchta na Gníomhaireachta; ag tabhairt dá haire ar ócáid amháin, inar shínigh an Ghníomhaireacht creatchonradh le hoibreoir eacnamaíoch aonair, gur tháinig an Chúirt ar an gconclúid nach raibh úsáid an chineáil sin creatchonartha oiriúnach don chineál seirbhísí a bhí de dhíth (feithiclí a fháil ar léas), ó tharla go mbíonn an margadh gaolmhar faoi réir luaineachtaí praghas go minic; ag aithint bharúil na Cúirte gurbh cheart creatchonradh lena ngabhann athoscailt na hiomaíochta a bheith úsáidte ag an nGníomhaireacht d'fhonn a áirithiú go bhfuarthas na seirbhísí riachtanacha ar an mbealach ba eacnamúla agus ab fhéidir; ag tabhairt dá haire an freagra ón nGníomhaireacht agus a gealltanas doiciméadacht *ex ante* níos láidre a ullmhú a bheidh dírithe ar an gcúis gur leanadh nós imeachta soláthair ar leith a shoiléiriú; á iarraidh ar an nGníomhaireacht dlús a chur leis na hiarrachtaí aghaidh a thabhairt ar na laigí sin sa todhchaí;

20. ag tabhairt dá haire, de réir thuarascáil na Cúirte, i gcás eile, gur shínigh an Ghníomhaireacht conradh sonrach inar imigh an phraghsáil ón na liostaí praghais a bhí ag gabháil leis an gcreatchonradh bunaidh i leith fóiréinsic dhigiteach agus freagairt teagmhais; ag tabhairt dá haire gur cheadaigh an Ghníomhaireacht an sonrasc agus go ndearna sí an íocaíocht leis an gconraitheoir gan an neamhréireacht sa ráta praghsála in aghaidh na huaire a thabhairt faoi deara agus gur léirigh sé sin nach ndearnadh aon seiceálacha cibé an raibh an conradh sonrach agus méid an tsonraisc ag teacht le téarmaí iarbhír an chomhaontaithe leibhéil seirbhíse nó nach raibh; ag tabhairt dá haire go measann an Chúirt an méid sa bhreis a íocadh (EUR 3 600) a bheith neamhrialta; á iarraidh ar an nGníomhaireacht an laige rialaithe sin a mheas agus a chur as an áireamh nach bhfuil aon saincheist chórasach ag baint lena nósanna imeachta íocaíochta agus an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas maidir le torthaí na meastóireachta agus na gníomhaíochtaí a glacadh;

21. ag tabhairt dá haire maidir le nósanna imeachta soláthair gur síníodh 31 gconradh ar luach iomlán EUR 8 265 812 i rith na bliana 2020; ag tabhairt dá haire freisin go bhfuil sé mar aidhm ag an nGníomhaireacht glacadh le soláthar glas ina nósanna imeachta tairisceana uile;

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/715 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 maidir leis an rialachán réime airgeadais le haghaidh na gcomhlachtaí arna gcur ar bun faoi CFAE agus faoi Chonradh Euratom agus dá dtagraítear in Airteagal 70 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 122, 10.5.2019, lch. 1).

22. á chur in iúl gur díol sásaimh di go bhfuil an moladh ón gCúirt ó 2018 tugtha chun críche ag an nGníomhaireacht maidir le húsáid nós imeachta soláthar idirbheartaithe a mheastar nach bhfuil bonn cirt leis;

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus trédhearcacht

23. ag aithint bhearta reatha na Gníomhaireachta agus na hiarrachtaí leanúnacha atá ar bun aici chun trédhearcacht i dtaobh coinbhleachtaí leasa a áirithiú, iad a chosc agus a bhainistiú; ag tabhairt dá haire gur ghlac an bord feidhmiúcháin le Cinneadh 2020-07 an 15 Meitheamh 2020 maidir leis an straitéis frithchaolaoise nuashonraithe ina gcuirtear i bhfios an gá atá le feasacht a ardú maidir le rialacha inmheánacha na Gníomhaireachta i ndáil le heitic agus coinbhleachtaí leasa; ag tabhairt dá haire go ndearna coláiste na Gníomhaireachta treoirlínte na Gníomhaireachta maidir le sceithireachta a leasú in Eanáir 2019 agus go bhfuil an t-athbhreithniú ar na treoirlínte sin leanúnach; ag tabhairt dá haire gur glacadh le Cinneadh 2020-09 ón gColáiste an 15 Nollaig 2020 le cód eitice do chomhaltaí an choláiste agus an bhoird feidhmiúcháin;

24. á chur in iúl gur oth léi nach bhfuil CVanna ardbhainistíocht, shaineolaithe seachtracha nó shaineolaithe inmheánacha na Gníomhaireachta foilsithe ar a láithreán gréasáin; á iarraidh ar an nGníomhaireacht na CVanna sin a fhoilsiú láithreach; ag tabhairt dá haire go bhfuil buan-nós imeachta oibriúcháin nuashonraithe glactha ag an nGníomhaireacht maidir le coinbhleachtaí leasa le Cinneadh AD 2020-44 ón stiúrthóir riaracháin agus nár tuairiscíodh aon choinbhleachtaí leasa in 2020;

25. ag tabhairt dá haire, i gcomhréir le hAirteagal 16(3)(b) de Rialachán (AE) 2018/1727 ([4]), gur ghlac an bord feidhmiúcháin an 15 Meitheamh 2020 le straitéis frithchalaoise ina n-áirítear plean gníomhaíochta do 2020, agus lena nuashonraítear an plean gníomhaíochta roimhe sin ón 6 Samhain 2018; á chur in iúl gur díol sásaimh di gur cuireadh an nuashonrú ar an straitéis frithchalaoise in iúl do gach sealbhóir poist, agus go bhfuil rochtain uirthi in éineacht le hábhar frithchalaoise eile tríd an tairseach frithchalaoise ar inlíon na Gníomhaireachta;

26. á iarraidh ar an nGníomhaireacht bearta a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar go hiomlán rialacha trédhearcachta an Aontais mar aon le cearta bunúsacha agus caighdeáin cosanta sonraí;

Rialú Inmheánach

27. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur thug an Ghníomhaireacht faoi mheasúnuithe ar a córas rialaithe inmheánaigh, a tháinig ar an gconclúid go bhfuil gach prionsabal agus comhpháirt rialaithe inmheánaigh curtha chun feidhme agus go bhfuil siad ag feidhmiú go héifeachtach; á iarraidh ar an nGníomhaireacht machnamh cuí a dhéanamh ar thorthaí na Cúirte ina measúnacht bhliantúil, go háirithe an bharúil a bhaineann le seiceálacha *ex ante* ar phraghsanna comhaontuithe i gconarthaí a bheith in easnamh agus na rátaí arna sonrasc a bhféadfadh saincheist córasach a bheith i gceist leis;

28. ag tabhairt dá haire, i dtús 2020, go raibh naoi moladh oscailte ag an nGníomhaireacht a d'eascair ó fhostaíocht iniúchóireachta a rinne an tseirbhís um iniúchóireacht inmheánach, péire a bhain le bainistíocht gníomhaíocht-bhunaithe a d'eascair ón iniúchóireacht ar fhaireachas agus tuairisciú/bunchlocha dearbhaithe a rinneadh in 2016, agus seacht gcinn mar thoradh ar an iniúchóireacht in 2019 ar an gcomhar le Europol; ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht dul chun suntasach in 2020 maidir le cur chun feidhme an dá mholadh a bhí ar feitheamh ó 2016, mar aon le cúig mholadh as an seacht gcinn a bhí mar thoradh ar an iniúchóireacht ar an gcomhar le Europol; á iarraidh ar an nGníomhaireacht cur chun feidhme na moltaí ar fad a thabhairt chun críche;

29. ag tabhairt dá haire gur clúdaíodh san athbhreithniú teoranta a rinneadh ar chur chun feidhme chreat dlí nua Eurojust gnéithe a bhain le pleanáil, rialachas, bainistíocht riosca agus bearta comhlíonta ginearálta arna nglacadh ag an nGníomhaireacht i leith na Rialachán nuaghlactha (AE) 2018/1727 agus (AE) 2017/1939 ([5]); ag cur sonrú sa réamhshuirbhé a reáchtáladh trí chruinnithe ar líne i mí an Mheithimh 2020, agus obair allamuigh ina dhiaidh sin i mí Mheán Fómhair 2020; ag tabhairt dá haire gur áiríodh dhá mholadh sa tuarascáil iniúchóireachta; ag tabhairt dá haire gur díol sásaimh di gur chuir an Ghníomhaireacht ar aghaidh i mí Feabhra 2021 a plean gníomhaíochta maidir leis an dá mholadh agus á iarraidh ar an nGníomhaireacht na gníomhaíochtaí comhaontuithe a chur chun feidhme;

30. ag tabhairt dá haire gur cuireadh tús in Aibreán 2020 leis an athbhreithniú teoranta ar chur chun feidhme an chreata dlí nua sa Ghníomhaireacht agus gur reáchtáladh an obair allamuigh don athbhreithniú teoranta i mí Feabhra 2021; ag tabhairt dá haire gur chuir an Ghníomhaireacht forléargas ar fáil in 2020 ar na príomhfhorbairtí go hinmheánach agus go seachtrach a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a cuid oibre;

([4]) Rialachán (AE) 2018/1727 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), agus lena n-ionadaítear Cinneadh 2002/187/CGB ón gComhairle agus lena n-aisghairtear an Cinneadh sin (IO L 295, 21.11.2018, lch. 138).

([5]) Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ("OIPE") (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

Freagairt COVID-19 agus leanúnachas gnó

31. ag tabhairt dá haire gur fhreagair an Ghníomhaireacht do phaindéim COVID-19 trína phlean leanúnachais gnó a ghníomhachtú, gur cuireadh foireann leanúnachais gnó le chéile, agus, bunaithe ar mholtaí na foirne, gur ghlac an stiúrthóir riaracháin bearta chun an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag paindéim COVID-19 ar fhoireann agus ar phróisis oibríochtúla na Gníomhaireachta a fhritháireamh; á chur in iúl gur díol sásaimh di gur choinnigh an Ghníomhaireacht leanúnachas oibríochtúil iomlán le linn ghéarchéim COVID-19; ag tabhairt chun suntais go raibh ról comhordaithe ag Eurojust maidir le faisnéis a thiomsú agus a scaipeadh i leith na bpríomh-shaincheisteanna praiticiúla agus dlíthiúla a d'eascair as paindéim COVID-19 i réimse an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla, chomh maith le faisnéis a sholáthar faoi thionchar na mbeart náisiúnta a glacadh sa chomhthéacs seo; ag tabhairt dá haire go rabhthas ag súil go dtabharfadh comhaltaí foirne faoi theilea-obair mura raibh sé riachtanach don phost a bhí acu a bheith i láthair in áitribh na Gníomhaireachta agus gur spreag an Ghníomhaireacht cur chuige solúbtha i leith obair na heagraíochta, lenar glacadh riachtanais éagsúla na gcomhaltaí foirne san áireamh; ag tabhairt dá haire go ndearnadh saincheisteanna cosanta sonraí a shainaithint sa mheasúnú ar uirlisí TF agus gur tugadh isteach bogearraí do theilea-obair agus d'fhíschomhdhálacha slána;

Tuairimí eile

32. á iarraidh go ndéanfaí nuachóiriú ar fhoirgnimh chun caighdeáin astaíochtaí nialasacha a chomhlíonadh, go háirithe trí phainéil ghréine a shuiteáil ar gach foirgneamh de chuid na Gníomhaireachta;

33. á chur in iúl gur díol sásaimh di gur bhunaigh an Ghníomhaireacht foireann shainthiomnaithe chun faireachas a dhéanamh ar logaí slándála agus freagairt do theagmhais chibearshlándála a d'fhéadfadh tarlú, agus gur thug an Ghníomhaireacht faoi mheasúnú riosca maidir le gach réiteach nua TFC, ar an láthair agus arna n-óstáil go seachtrach, agus gur tugadh faoi thástálacha treáite ar gach córas nua (ar an láthair) a nochtar don idirlíon; ag tabhairt dá haire go bhfuil tacar rialacha, ailínithe le Cinneadh 2013/488/AE ([6]) ag an nGníomhaireacht chomh maith le sraith beartas agus nósanna imeachta breise i ndáil le faisnéis agus fearais neamhaicmithe a dhéanann próiseáil ar fhaisnéis den chineál sin; ag tabhairt dá haire gur díol sásaimh di na gníomhaíochtaí a ghlac an Ghníomhaireacht maidir le cibearshlándáil na Gníomhaireachta, go háirithe i bhfianaise na faisnéise íogaire arna próiseáil ag an nGníomhaireacht, agus á iarraidh ar an nGníomhaireacht a cosaint i gcoinne cibearbhagairtí a choinneáil ar leibhéal iomchuí, ag glacadh na rioscaí a sainaithníodh san áireamh;

34. ag tabhairt dá haire gur díol sásaimh di go bhfuil an Ghníomhaireacht ag glacadh páirt sa chlár digiteach um cheartas coiriúil, go bhfuil sí ag lorg ról ceannaireachta sa chlár chun comhar oibríochtúil breithiúnach um cheartas coiriúil ar fud institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus na mBallstát a dhigiteáil;

35. á chur in iúl gur mór aici gur neartaigh an Ghníomhaireacht a cumais chumarsáide seachtraí trí shuíomh gréasáin nua a sheoladh, lena mbunaítear a láithreacht ar ardáin físe sna meáin shóisialta agus trí imeacht físrúil oscailte a eagrú;

36. ag tagairt, le haghaidh barúlacha eile de chineál cothrománach a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithi an 4 Bealtaine 2022 ([7]) ar fheidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([6]) Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint (IO L 274, 15.10.2013, lch. 1).

([7]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0196.